



PE Céim ar Aghaidh

TIONSCNAMH CLUICHÍ DE CHUID CLG

Snáithe: Cluichí

Leibhéal Ranga: Ranganna 3 & 4

Ceacht: 11 Liathróid Láimhe

Ionad:

Clós na Scoile/Halla ina bhfuil balla cothrom

Trealamh:

Cóin, liathróidí peile, marcanna & bibeanna

Ceacht 11

Liathróid Láimhe

Snáithaonad: Seachadadh, glacadh agus gluaiseacht

Spriocanna Curaclaim:

Forbairt & cleachtadh ar réimse scileanna i láimhseáil na liathróide
Forbairt & cleachtadh ar réimse scileanna in iompair & i mbualadh na liathróide

- Preab sa bhFáinne
- “Coimead an Ciotail ag Fiuchadh”

Snáithaonad: Cruthú agus Imirt Cluichí

Spriocanna Curaclaim:

Cruthú agus Forbairt ar chluichí ina mbeirteanna

- Cluiche idir grúpaí beaga 2v2 agus “Dhá Phreab”

Snáithaonad: Tuiscint agus Léirthuisicint ar Chluichí

Spriocanna Curaclaim:

Comhrá & feabhas ar scileanna smachta gluaiseachta a bhaineann le cluichí
Cur le tuiscint na ndaltaí maidir le úsáid spáis
Forbairt ar straitéisí chun fadhbanna a réiteach, ar chinnteoireacht agus ar thuiscint ar na straitéisí agus ar na taicticí atá tábhachtach i gcluichí athraitheacha
Daltaí ag dul i gcleachtadh ar chuntas a choineáil ar na scóranna agus rialacha a athrú

Nascáil:

Gleacaíocht–Snáithaonad: Gluaiseacht (Cothromaíocht)
Lúthchleasaíocht – Snáithaonad – Rith, Léim & Caitheamh

Ceap do Phleananna Ceachta Féin



Tuilleadh eolais www.learning.gaa.ie/planner/primary

GAA
Learning



Tagairtí

Curaclam na mBunscoileanna
Corpoideachas (1999)
Treoirínite do Mhúinteoirí
Corpoideachais (1999)

Tionscnamh Spóirt na mBunscoileanna
<http://www.pdds.ie/pcsparchive/pe/psci.clickme.html>

Fun Do GAA Learning Resource Pack (2007)





Snáithe: Cluichí

Eagrú

- Liathróid láimhe (nó leadóige) ag gach dalta atá scaipthe anseo agus ansiú sa halla/clós
- Scaip húlahúpanna ar dhathanna éagsúla feadh an urláir



Eagrú

- Ina ngrúpaí, seasadh na daltaí taobh thiar dá chéile agus aghaidh acu ar an mballa, an té atá chun cinn tuairim 2m siar uaidh
- Liathróid láimhe amháin ag gach grúpa



Leibhéal Ranga: Ranganna 3 & 4

Gníomh 1 – Preab sa bhFáinne

- Téadh gach dalta ag sodar timpeall an halla agus liathróid láimhe á preabadh acu
- Fogróidh an múinteoir dath – bíonn ar na daltaí rith go dtí an fáinne ar an dath sin is gaire dóibh agus an liathróid a phreabadh ann



Gníomh 2 – Coimead an Ciotal ag Fiuchadh

- Aidhm an chluiche an liathróid a bhualadh oiread uaireanta i ndiaidh a chéile agus is féidir
- Is ceadaithe don liathróid preabadh faoi dhó sula gcaitear í a bhualadh in aghaidh an bhalla tosaigh arís
- Nuair a bhíonn an buille buailte ag an dalta, ní mór dó/dí rith ar ais arís go dtí deireadh a líne
- Leantar ar aghaidh mar sin nó go dteipeann ar dhuine agus ansin tosaítear ar an gcluiche arís
- Chun go mbeadh an cluiche níos deacra ná ceadaigh ach preab amháin, nó abair leo an lámh neamhcheannasach a úsáid



Pointí Teagaisc

- Coinnigh na súile ar an liathróid agus ag an am céanna eolach ar a bhfuil i do thimpeall
- Déan ciseán de na méara chun breith ar an liathróid

Pointí Teagaisc

- Spreag na daltaí chun úsáid a bhaint as an dá lámh
- Ba chóir do na grúpaí oibriú as lámha a chéile chun an imirt a choineáil sa tsiúl

Snáithe: Cluichí

Eagrú

- Leag amach roinnt cúirteanna dronuilleogacha – tuairim 8mX4m agus cón i ngach cúinne
- Roinn an rang ina mbeirteanna – dhá fhoireann ar gach cúirt
- Is ionann na cón ag na cúl-línte agus na cúl
- Liathróid amháin ar gach cúirt



Eagrú

- Biodh giota den bhalla ag gach beirt daltaí
- Liathróid láimhe amháin idir gach beirt



Leibhéal Ranga: Ranganna 3 & 4

Gníomh 3 - 2x2

- An aidhm atá leis an gcluiche an liathróid a bhualadh isteach san eangach (cúl cúirte na gcéilí comhraic)
- Cosnaíonn na foirne an cúl s'acu féin agus iad ag baint úsáide as na lámha leis an liathróid a choineáil amach
- Is féidir an cluiche a chur in oiriúint d'fhoirne ar a mbeadh líon níos mó imreoirí nó do chúirteanna níos mó



Forbairt – Dhá Phreab

- Mion-Liathróid Láimhe ina bhfuil na rialacha agus méid na cúirte curtha in oiriúint don ócáid
- An sprioc an liathróid a bhualadh in aghaidh an bhalla sula bpreabann sí don 3ú huair
- Is ceadaithe do na daltaí an liathróid a bhualadh ar ais in aghaidh an bhalla ar an gcéad nó ar an dara preab, nó fiú sula bpreabann sí beag ná mór



Pointí Teagaisc

- Spreag na daltaí chun fanacht ar a gcosa i gcaitheamh an ama
- Coinníodh siad an cloigeann os cionn na liathróide agus na súile uirthi agus iad á bualadh

Pointí Teagaisc

- Spreag na daltaí chun an dá láimh a úsáid agus iad ag bualadh na liathróide
 - Spreag na daltaí chun an liathróid a choineáil amach óna gcéilí comhraic
- C** Cén fáth go bhfuil sé á mholadh an liathróid a choineáil amach ón gcéile comhraic?

